Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10487/23**

| | |
|---|---|
| **COLAC 59** | **ENV 674** |
| **CFSP/PESC 833** | **ENER 351** |
| **RELEX 709** | **DIGIT 115** |
| **WTO 77** | **EU-GNSS 17** |
| **DEVGEN 110** | **RECH 281** |
| **SUSTDEV 88** | **TRANS 245** |
| **COHOM 128** | **CULT 74** |
| **COHAFA 66** | **EDUC 249** |
| **AGRI 316** | **CYBER 158** |
| **ACP 46** | **POLCOM 114** |
| **CLIMA 294** | |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2023) 17 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Clár Oibre Nua don Chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2023) 17 final.

---

Faoi iamh: JOIN(2023) 17 final

AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

An Bhruiséil, 7.6.2023
JOIN(2023) 17 final

**TEACHTAIREACHT CHOMHPHÁIRTEACH CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Clár Oibre Nua don Chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib**

GA

GA

# Clár Oibre Nua don Chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib

## *Réamhrá*

Is **comhpháirtithe nádúrtha** iad an tAontas Eorpach (AE) agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib (MLC). Agus iad aontaithe le ceanglais uathúla stairiúla agus chultúrtha, naisc dhoimhne eacnamaíocha agus shóisialta agus gealltanas comhpháirteach don tsíocháin agus don iltaobhachas, chruthaigh an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib caidreamh láidir a bhfuil líonra mór comhaontuithe mar bhonn taca leis. I dtaca leis an gcomhpháirtíocht bhuanseasmhach sin, is é an comhar agus an t-idirphlé is saintréith di agus tá sí bunaithe ar luachanna comhroinnte agus ar leasanna coiteanna.

I g**comhthéacs domhanda atá ag athrú go tapa**, is gá athnuachan a dhéanamh ar an gcaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Dúshláin gheopholaitiúla atá ag dul i méid, paindéim thubaisteach, na géarchéimeanna domhanda aeráide agus comhshaoil, athruithe teicneolaíocha agus neamhionannais atá ag dul i méid, is rudaí iad sin uile a chuireann béim ar an gcás chun dlús a chur leis an idirphlé agus chun feabhas a chur ar an gcomhar i measc dlúth-chomhpháirtithe iontaofa.

Mar thogha comhpháirtithe, ba cheart don Aontas agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib **oibriú le chéile chun leas a bhaint as a neart comhchoiteann, chun leasanna coiteanna a chosaint agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda go comhpháirteach.** Leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach seo togra an Aontais chun **clár oibre uaillmhianach réamhbhreathnaitheach a fhorbairt le chéile le haghaidh ré nua comhair** idir comhpháirtithe comhionanna agus comhpháirtithe atá ar aon intinn leis.

Sa Teachtaireacht Chomhpháirteach seo, déantar cás do **chomhpháirtíocht straitéiseach** athnuaite agus moltar sraith tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí nithiúla i bpríomhréimsí.

Ar an gcéad dul síos, is príomh-chomhghuaillithe iad an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib chun an córas idirnáisiúnta riailbhunaithe a neartú agus chun dlús a chur le gníomhaíocht chomhpháirteach chun an tsíocháin, an tslándáil, an daonlathas, an smacht reachta agus cearta an duine a chur chun cinn. Is iad an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib aon trian de bhallraíocht na Náisiún Aontaithe, agus tá ról tábhachtach acu maidir leis an dlí idirnáisiúnta a chaomhnú agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe a chosaint, lena n-áirítear trí sheasamh in aghaidh fhogha na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Ina theannta sin, is é is cuspóir don Aontas agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib araon an córas iltaobhach a dhéanamh níos éifeachtaí agus níos ionadaíche.

Ar an dara dul síos, is **dlúth-chomhpháirtithe trádála agus infheistíochta iad an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a bhfuil leas comhroinnte acu maidir le fás inbhuanaithe a chur chun cinn agus athléimneacht eacnamaíoch a fheabhsú**, agus spleáchais iomarcacha a laghdú agus caidreamh trádála a éagsúlú san am céanna. Tá an dá réigiún nasctha le ceann de na líonraí is dlúithe de chomhaontuithe trádála, ar cheart iad a thabhairt chun críche, agus an acmhainneacht bhreise atá aige á scaoileadh san am céanna. Is

é an tAontas an t-infheisteoir is mó i réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, an tríú comhpháirtí trádála is mó[1] agus an rannchuiditheoir is mó le comhar um fhorbairt.

Ar an tríú dul síos, tá sé d'aidhm ag an dá réigiún **sochaithe cuimsitheacha agus inbhuanaithe a thógáil**, bunaithe ar ghealltanas comhpháirteach do Chlár Oibre 2030 agus dá Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna)[2]. Tá réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib ríthábhachtach do chothromaíocht éiceolaíochta an phláinéid, agus ina theannta sin is mórtháirgeoir bia é agus is mórchumhacht é ó thaobh an fhuinnimh in-athnuaite de. Ba cheart don Aontas agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib **aistriú cothrom glas agus digiteach a stiúradh le chéile**, lena n-áirítear tríd an **straitéis infheistíochta Global Gateway** a leathadh amach.

## *1. Comhpháirtíocht pholaitiúil athnuaite*

Tá gá le **rannpháirtíocht pholaitiúil athnuaite** ar gach leibhéal le haghaidh comhpháirtíocht láidir idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib: idir an dá réigiún, le tíortha aonair i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, le foréigiúin agus i bhfóraim iltaobhacha. Tá **idirphlé polaitiúil ardleibhéil oscailte rialta** ríthábhachtach chun fócas agus spreagadh a thabhairt don chaidreamh, chun leasanna a chéile a thuiscint, chun teacht ar chomhaontú maidir le tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dhifríochtaí inár gcaidreamh de réir mar a thagann siad chun cinn.

Tá caidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib bunaithe ar **chur chuige ilsrathach solúbtha**, agus éagsúlacht agus dinimic athraitheach an réigiúin á gcur san áireamh. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt don lánpháirtiú réigiúnach, agus rannpháirtíocht a dhoimhniú san am céanna freisin maidir le spriocanna comhroinnte le tíortha leasmhara. Ar an leibhéal déréigiúnach, leis an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas Eorpach agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh i mí Iúil 2023, an chéad chruinniú ó bhí 2015 ann, tá deis uathúil ann an chomhpháirtíocht a athbheochan.

Chun an clár oibre dearfach sin a chur chun cinn, ba cheart don dá thaobh a bheith tiomanta do chruinnithe rialta ar leibhéal na gCeann Stáit agus Rialtais, do chruinnithe na nAirí Gnóthaí Eachtracha i mblianta malartacha agus do chruinnithe aireachta agus oifigeach sinsearach eile de réir mar is iomchuí. Ba cheart buansásra comhordúcháin idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh a bhunú chun leanúnachas agus obair leantach a áirithiú, rud a bheadh ag teacht le forbairt Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh chun a struchtúir féin a bhunú. Bheadh sé d'aidhm aige comhthuiscint a fhorbairt maidir le réimse iomlán na saincheisteanna sa chlár oibre, freagairt d'fhorbairtí atá ag teacht chun cinn agus idirphlé earnálach sonrach agus tionscnaimh chomhpháirteacha a chur chun cinn de réir mar is gá.

Le hidirphlé rialta déréigiúnach le Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh, comhlánófar rannpháirtíocht fheabhsaithe le tíortha aonair Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chomh maith le grúpaí (fo)réigiúnacha amhail Mercosur, Córas

[1] Eurostat. Is EUR 693 bhilliún ba luach do stoc iomlán infheistíochta dírí coigríche an Aontais i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib ag deireadh 2021.

[2] Chomh maith le Comhaontú Pháras, Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal agus Conradh na Mórmhara maidir le Bithéagsúlacht Mhuirí i Limistéir lasmuigh den Dlínse Náisiúnta.

Lánpháirtithe Mheiriceá Láir, Comhphobal na nAindéas, Comhghuaillíocht an Aigéin Chiúin nó an Chomhghuaillíocht um Fhorbairt ar Dhaonlathas.

Foréigiún ar leith a bhfuil a sainiúlachtaí féin aici is ea Muir Chairib, agus **tá aird pholaitiúil mhéadaithe agus idirphlé struchtúrtha tuillte aici**. I ndáil leis sin, ba cheart an comhar idir an tAontas agus Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin a threisiú. Ba cheart don Aontas Eorpach leanúint de dhul i dteagmháil le heagraíochtaí idirnáisiúnta freisin, amhail na Náisiúin Aontaithe, lena n-áirítear a Choimisiún Eacnamaíochta do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib, Eagraíocht na Stát Meiriceánach chomh maith leis an Ardrúnaíocht Ibéir-Mheiriceánach.

Is féidir úsáid níos éifeachtaí a bhaint as creataí déthaobhacha nó réigiúnacha an Aontais Eorpaigh, lena gcuimsítear nach mór tíortha uile Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib. In éineacht lena chomhpháirtithe, leanfaidh an tAontas d’uasghrádú a dhéanamh ar na comhaontuithe polaitiúla, trádála agus comhair atá ann cheana, de réir mar is ábhartha. I dtaca le tabhairt i gcrích chomhaontú AE-Mercosur, bheadh sé ina mhórathrú i ndáil leis an gcaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a neartú. Beidh rannpháirtíocht dhéthaobhach le tíortha aonair, a chuirfear in oiriúint do spéiseanna agus do riachtanais shonracha, fós i gcroílár an chaidrimh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Is buntáiste don chomhpháirtíocht sin é láithreacht an Aontais i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib trí cheithre réigiún is forimeallaí[3] chomh maith leis na Tíortha agus Críocha Thar Lear[4].

Ar an **leibhéal iltaobhach**, d’fhéadfaí an comhar seanbhunaithe idir an tAontas agus Grúpa na Náisiún Aontaithe de Thíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a threisiú, lena n-áirítear trí idirphlé níos rialta bunaithe ar shaincheisteanna agus trí rannpháirtíocht thráthúil agus leanúnach líonraí taidhleoireachta an Aontais agus Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib i bpríomhchathracha agus i moil iltaobhacha.

Áirítear ar na réimsí comhair cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus na ngealltanas domhanda maidir leis an athrú aeráide agus maidir leis an gcomhshaol, sláinte dhomhanda agus an Comhshocrú Digiteach Domhanda, agus tacaíocht d’Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ‘Ár gClár Oibre Coiteann’. Is spéis leis an dá réigiún freisin a áirithiú go mbeidh an struchtúr iltaobhach níos ionadaíche agus go mbeidh sé in ann dul i ngleic le dúshláin an 21ú haois.

Ba cheart don Aontas agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib a gcomhar a neartú ag an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, ag G20, ag na bainc forbartha iltaobhacha amhail Grúpa an Bhainc Dhomhanda agus an Banc Forbartha Idir-Mheiriceánach, agus i mbainc forbartha réigiúnacha.

Is ábhar spéise don Aontas agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib oibriú le chéile chun go mbeidh an córas airgeadais domhanda in ann freagairt níos fearr do riachtanais na dtíortha is leochailí i leith an athraithe aeráide, go háirithe trí athchóiriú a dhéanamh ar na bainc forbartha iltaobhacha. Áirítear leis sin iarrachtaí breise a dhéanamh chun Cruinniú Mullaigh rathúil a áirithiú do Chomhshocrú Nua um Maoiniú Domhanda agus obair leantach a dhéanamh ar thorthaí an Chomhshocraithe sin, agus tograí amhail Tionscnamh Bridgetown á gcur san áireamh.

[3]Guáin na Fraince, Guadalúip, Martinique, Saint Martin.
[4]Arúba, Bonaire, Cúrasó, Saba, Sint Eustatius, Sint Maarten, Saint-Barthélemy.

Ba cheart don Aontas agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib leanúint den chomhar maidir le dea-rialachas cánach. Tá leas comhroinnte ag an dá réigiún i gcur chun feidhme na gcaighdeán idirnáisiúnta maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise, cánachas cothrom, agus na híoschaighdeáin in aghaidh Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'aontachas na dtíortha is iarrthóirí i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)[5] nó de bhallraíocht na dtíortha sin a spreagadh i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta/iltaobhacha.

**Príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe:**

- Idirphlé idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh a fheabhsú: cruinnithe mullaigh rialta a eagrú – ag malartú le cruinnithe na nAirí Eachtracha, agus buansásra comhordúcháin an Aontais agus Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh a bhunú;
- Rannpháirtíocht pholaitiúil an Aontais agus Mhuir Chairib a neartú, lena n-áirítear le Cómhargadh Mhuir Chairib. Beidh Cruinniú idir ceannairí an Aontais agus Mhuir Chairib, a eagrófar ar imeall an Chruinnithe Mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh an 17-18 Iúil 2023, ina chomhartha tábhachtach, agus comhlánófar é trí chruinnithe rialta a eagrú ar leibhéal na nAirí Eachtracha;
- An Comhaontú idir an tAontas agus Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin a shíniú agus obair a dhéanamh chun an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Meiriceá Láir a dhaingniú;
- Cruinnithe mullaigh déthaobhacha a athsheoladh leis an mBrasaíl agus le Meicsiceo mar chomhpháirtithe straitéiseacha;
- I gcás inarb iomchuí, líonra reatha na gComhaontuithe Polaitiúla agus Comhair a nuachóiriú agus sásraí idirphlé pholaitiúil dhéthaobhaigh a bhunú le tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib nach bhfuil a leithéid acu faoi láthair;
- An comhar idir Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib agus na réigiúin is forimeallaí san Aontas Eorpach a neartú, mar aon leis na Tíortha agus Críocha Thar Lear atá suite i réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib i réimsí leasa choitinn;
- Oibriú go dlúth le tíortha i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib sa tréimhse roimh an gCruinniú Mullaigh um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus roimh Chruinniú Mullaigh na Todhchaí in 2024, d'fhonn Clár Oibre 2030 a chur ar an mbóthar ceart arís agus 'Comhshocrú don Todhchaí' a bheidh claochlaitheach agus fadbhreathnaitheach a bhaint amach;
- Comhairliúcháin rialta a bhunú idir an tAontas agus an Grúpa Stát i Muir Chairib agus i Meiriceá Laidineach, agus comhordú a threisiú lena n-áirítear trí thograí comhpháirteacha i bpríomhinstitiúidí agus i bpríomhchomhlachtaí iltaobhacha, agus deiseanna le haghaidh malartuithe agus comhpháirtíochtaí uaillmhianacha maidir le hábhair shonracha á bhfiosrú;

[5] An Airgintín, an Bhrasaíl agus Peiriú.

- Feabhas a chur ar an gcomhar le haghaidh Comhshocrú Airgeadais Domhanda nua;
- Deiseanna tacaíochta d'iarrthóirí dea-cháilithe do phoist cheannaireachta iltaobhacha ó réigiúin a chéile a shainaithint.

## 2. *Clár oibre coiteann idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a neartú*

Tá na naisc trádála agus infheistíochta idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib bunaithe ar **líonra comhaontuithe trádála déthaobhacha agus réigiúnacha**, arb é is cúis le méadú 40 % ar an trádáil dhá threo ó bhí 2018 ann[6]. Is príomhspreagadh don fhás iad na comhaontuithe sin ós rud é go soláthraíonn siad rochtain fhabhrach agus go gcuireann siad creat cobhsaí ar fáil don trádáil inbhuanaithe.

Trí bhíthin comhaontuithe trádála, éascaítear onnmhairí ó fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), cuirtear trédhearcacht sa soláthar poiblí chun cinn, neartaítear cosaint maoine intleachtúla agus tacaítear le hinfheistíocht agus le nuálaíocht. Trí chomhaontuithe trádála agus trí infheistíochtaí gaolmhara, déanann an dá réigiún éagsúlú ar thrádáil agus forbraíonn siad slabhraí soláthair inbhuanaithe, lena n-áirítear na slabhraí soláthair sin le haghaidh fuinneamh glan agus amhábhair chriticiúla. Leis na comhaontuithe sin, spreagtar an fhorbairt inbhuanaithe agus chuimsitheach, lena dtugtar guth don tsochaí shibhialta ar an dá thaobh, agus lena gcuirtear ardán ar fáil chun urraim do chearta an duine agus do chearta saothair, cosaint an chomhshaoil agus lánpháirtiú réigiúnach a chur chun cinn.

Is tosaíocht de chuid an Aontais é comhaontú **AE-Mercosur** a thabhairt i gcrích, ós rud é go dtabharfadh sé sin an dá réigiún le chéile i gcomhpháirtíocht a rachadh chun tairbhe don dá thaobh lena gcruthófaí deiseanna le haghaidh tuilleadh fáis, lena dtacófaí le poist agus lena gcuirfí borradh faoin bhforbairt inbhuanaithe.

Rinne an tAontas agus **an tSile** caibidlíocht maidir le nuachóiriú ar an gcomhaontú atá acu faoi láthair lena gcuirtear feabhas ar an rochtain ar mhargaí a chéile, lena dtugtar gealltanais uaillmhianacha maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe (lena n-áirítear maidir le hinscne agus maidir le córais bhia inbhuanaithe) agus lena n-éascaítear an t-aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite agus úsáid inbhuanaithe amhábhar.

Tá an tAontas agus **Meicsiceo** i mbun an comhaontú atá acu cheana a nuachóiriú d'fhonn a naisc pholaitiúla agus eacnamaíocha a dhoimhniú agus a leathnú. Chomh maith le deireadh a chur le formhór na mbacainní trádála atá fós ann, leis an nuachóiriú, i measc gnéithe eile, neartófar gealltanais an Aontais agus Mheicsiceo maidir le hardchaighdeáin trádála agus forbartha inbhuanaithe agus cuirfear feabhas ar dhálaí infheistíochta.

A luaithe a dhaingneoidh Ballstáit uile an Aontais na comhaontuithe le **Meiriceá Láir** agus **leis an gColóim, le Peiriú agus le hEacuadór**, ba cheart breithniú a dhéanamh ar a bhforálacha inbhuanaitheachta a neartú. Rannchuidigh an dá chomhaontú le cobhsaíocht, le héagsúlú agus le hintuarthacht na timpeallachta trádála agus infheistíochta idir an dá réigiún[7].

[6] Comext ESTAT: Trádáil iomlán in 2018: EUR 209,44 billiún; in 2022: EUR 293,09 billiún. Fás 39.9 %.
[7]Féach suíomh gréasáin AS TRADE, meastóireacht *ex-post* ar na comhaontuithe trádála: https://policy.trade.ec.europa.eu/analysis-and-assessment/ex-post-evaluations_en

Bhunaigh siad struchtúir idirphlé dea-fheidhmiúla freisin chun plé a dhéanamh ar shaothar agus ar an gcomhshaol agus chun obair a dhéanamh ina leith. Tá daingniú an chomhaontaithe nua idir an tAontas agus Eagraíocht na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin tábhachtach freisin don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíoch idir an tAontas agus Fóram Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin mar chreat polaitiúil.

Tá gá freisin le hiarrachtaí cur chun feidhme leanúnacha chun acmhainneacht iomlán na gcomhaontuithe trádála a bhaint amach don dá réigiún. Chuige sin, tá gá le rannpháirtíocht na ngníomhaithe ábhartha uile, lena n-áirítear gnólachtaí de gach méid agus an tsochaí shibhialta. Leis an idirphlé maidir le beartais i dtaca le haistriú glas faoi chuimsiú na gcomhaontuithe, ba cheart rannchuidiú na trádála le spriocanna inbhuanaitheachta a fheabhsú. Leis an athbhreithniú comhpháirteach 5 bliana atá ar siúl faoi láthair le Fóram Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin, sainaithneofar conclúidí oibríochtúla agus moltaí chun an comhaontú a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr, cuideofar le hoibríochtú iomlán na bpríomhfhorálacha uile agus cuideofar le hacmhainneacht eacnamaíoch iomlán an chomhaontaithe a bhaint amach.

Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chun **na dálaí don infheistíocht inbhuanaithe a chruthú**, lena n-áirítear trí Global Gateway agus trí thacaíocht a thabhairt do chreataí dlíthiúla atá oscailte, cobhsaí agus intuartha, trí bhacainní idirdhealaitheacha a bhaint, agus trí éascú infheistíochtaí a chur chun feidhme.

Le comhaontuithe trádála, cuirtear le creat dlíthiúil atá tráchtáilbhunaithe, trédhearcach agus cobhsaí le haghaidh na trádála agus na hinfheistíochta in amhábhair idir an tAontas agus tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib. Agus é ag tógáil ar na comhpháirtíochtaí atá á bhforbairt le tíortha aonair i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, oibreoidh an tAontas le comhpháirtithe leasmhara Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib maidir le Club domhanda Amhábhar Criticiúil a bhunú chun slabhraí soláthair inbhuanaithe a neartú agus chun foinsiú a éagsúlú, lena dtabharfar le chéile tíortha tomhaltais agus tíortha ina bhfuil saibhreas acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chomhroinnte go comhpháirteach[8].

Tá spéis ag an Aontas Eorpach agus ag Meiriceá Laidineach agus ag Muir Chairib araon in **ord trádála láidir riailbhunaithe agus in Eagraíocht Dhomhanda Trádála athchóirithe (EDT)** le sásra um réiteach díospóidí is infheidhme maidir le gach comhalta, bídís mór nó beag. Tá ról tábhachtach le himirt ag an dá réigiún sa chaibidlíocht ar thionscnaimh ilpháirtithe, amhail ríomhthráchtáil. Cuirfidh an tAontas chun cinn cur i bhfeidhm Chomhaontú Éascaithe Infheistíochta na hEagraíochta Domhanda Trádála i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib agus tacóidh sé leis an gcur i bhfeidhm sin, ar comhaontú é a chuirfidh leis na hinfheistíochtaí i Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a luaithe a thabharfar i gcrích é.

Agus aird á tabhairt ar an g**clár oibre inbhuanaitheachta** idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, ba cheart aghaidh a thabhairt ar thionchar reachtaíocht an Aontais go comhpháirteach freisin, go háirithe maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (beartas dífhoraoisithe, an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus ionstraimí

[8] COM(2023)165, 16.3.2023: 'Soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil chun tacú leis an dá aistriú'.

eile lena gcuirtear an t-aistriú glas chun cinn) agus maidir leis na ceisteanna sin arb é is aidhm dóibh sláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí a áirithiú. Ba cheart a chur san áireamh sa phlé freisin tacaíocht chun trádáil i dtáirgí atá faoi réir na bpíosaí reachtaíochta sin a éascú.

**Príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe:**

- Bailchríoch a chur ar nósanna imeachta maidir le síniú an Chreat-Chomhaontaithe Ardleibhéil idir an tAontas agus an tSile agus an Chomhaontaithe Saorthrádála eatramhaigh agus leanúint ar aghaidh lena ndaingniú;
- Dul chun cinn cinntitheach a dhéanamh chun comhaontuithe AE-Meicsiceo agus AE-Mercosur a shíniú agus a dhaingniú;
- Daingniú Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir leis na comhaontuithe le Meiriceá Láir agus leis an gColóim, le Peiriú agus le hEacuadór a thabhairt chun críche agus breithniú comhpháirteach a dhéanamh ar nuashonruithe spriocdhírithe;
- Cur chun feidhme éifeachtach na gcomhaontuithe trádála uile idir an tAontas agus comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a áirithiú, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil agus trí rannpháirtíocht ghnó;
- Próiseas athbhreithnithe an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus Fóram Ghrúpa na Stát san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin a thabhairt i gcrích d'fhonn uirlisí oibríochtúla, conclúidí agus moltaí a shainaithint chun go bhfeidhmeoidh sé ar bhealach níos fearr;
- Dlús a chur leis an idirphlé maidir le beartais aistrithe ghlais an Aontais agus Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib faoi seach agus aghaidh a thabhairt ar thionchar reachtaíocht an Aontais go comhpháirteach, lena n-áirítear tacaíocht a chur ar fáil chun trádáil a éascú;
- Comhar idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib san Eagraíocht Dhomhanda Trádála a neartú, go háirithe maidir le hathchóiriú na heagraíochta agus maidir le caibidlíocht i ndáil le comhaontuithe ilpháirtithe;
- Obair a dhéanamh le tíortha leasmhara Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib ar an gClub Amhábhar Criticiúil a bheidh ann amach anseo.

### 3. *Global Gateway agus tacú le comhpháirtíochtaí le haghaidh aistriú cothrom glas agus digiteach*

Tá gá le cineálacha cur chuige nuálacha atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí comhionanna ar gach leibhéal chun comhar idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a bhaint amach. Tá réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib comhdhéanta de thíortha meánioncaim den chuid is mó agus tá sé saibhir ó thaobh acmhainní nádúrtha de; mar sin féin, tá neamhionannais mhóra agus dúshláin struchtúracha fós ann[9], rud atá níos measa fós mar gheall ar ghéarchéimeanna forluiteacha. Mar phríomhdheontóir agus infheisteoir sa

[9] In 2022, bhí 32.1 % den daonra i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib (201 mhilliún duine) ina gcónaí faoi bhochtaineacht agus 13.1 % (82 milliún) i bhfíorbhochtaineacht (méadú 12 mhilliún i bhfíorbhochtaineacht i gcomparáid leis an staid a bhí ann roimh an bpaindéim in 2019).

réigiún, is féidir leis an Aontas leas a bhaint as réimse leathan uirlisí beartais, as ionstraimí[10] agus as cur chuige Fhoireann na hEorpa, ina bhfuil na Ballstáit agus institiúidí airgeadais an Aontais páirteach, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna araon, agus chun oibriú le Meiriceá Laidineach agus le Muir Chairib chun aistrithe glasa agus digiteacha atá cothrom agus cuimsitheach agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, i gcomhréir leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe.

Trí Global Gateway[11], is féidir leis an Aontas **infheistíochtaí ardcháilíochta a ghiaráil chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar riachtanais bhonneagair Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib**, tacú le caipiteal daonna a fhorbairt, lena n-áirítear cumhachtú daoine, go háirithe mná, an óige agus na daoine is leochailí, agus an timpeallacht cumasúcháin gnó agus rialála a neartú, d'fhonn breisluach áitiúil, fás agus poist ardcháilíochta a chruthú. **Tairiscint infheistíochta atá dearfach agus bunaithe ar luachanna** is ea Global Gateway, lena n-urramaítear ardchaighdeáin idirnáisiúnta. Moltar ann rogha a dhéanamh le haghaidh conair chomhroinnte eacnamaíoch, shóisialta agus rialála bunaithe ar chur chuige duinelárnach agus ar phrionsabail na hinbhuanaitheachta, na hoscailteachta, na cuimsitheachta, na cuntasachta agus na hurraime do chearta bunúsacha.

Le Global Gateway, cuirfear borradh faoi infheistíochtaí ón earnáil phríobháideach agus déanfar iad a ghiaráil le tionscadail nithiúla. Tá bonnlíne láidir ag Meiriceá Laidineach agus ag Muir Chairib maidir le comhar Global Gateway: tá infheistíochtaí substaintiúla ón Aontas ann cheana féin, agus tá cláir oibre beartais ag an dá réigiún atá bunaithe ar luachanna comhroinnte. Dá bhrí sin, sainaithneofar i gclár oibre infheistíochta Global Gateway **deiseanna cothroma infheistíochta glaise agus digití** i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib, a bhainfidh tairbhe as an timpeallacht oscailte agus neamh-idirdhealaitheach a bheidh ann i ngeall ar chomhaontuithe trádála agus infheistíochta.

### a. Comhoibriú ar mhaithe le haistriú glas cothrom

Is dúshlán eiseach don chine daonna í an éigeandáil aeráide. Is féidir leis an Aontas agus le Meiriceá Laidineach agus le Muir Chairib rannchuidiú go mór leis na hiarrachtaí comhair domhanda chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin.

Tá **acmhainneacht uathúil** ag réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib i dtéarmaí na bithéagsúlachta, acmhainní nádúrtha, fuinneamh in-athnuaite inbhuanaithe, táirgeadh talmhaíochta agus amhábhair straitéiseacha chriticiúla. Is ann atá 50 % de bhithéagsúlacht an phláinéid atá ríthábhachtach dá chothromaíocht éiceolaíoch, go háirithe san Amasóin[12]. Tá an réigiún ríthábhachtach chun cuspóirí domhanda aeráide agus comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear cur chun feidhme Chomhaontú Pháras, Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal, Chonradh na Mórmhara maidir le Bithéagsúlacht Mhuirí i Limistéir lasmuigh den Dlínse Náisiúnta (BBNJ) agus an rúin le haghaidh Comhaontú Domhanda maidir le Truailliú Plaisteach.

[10]Leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta-an Eoraip Dhomhanda (NDICI-an Eoraip Dhomhanda), cuirtear creat ar fáil chun dul i dteagmháil le tíortha uile Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal foréigiúnach chun tacú leis an aistriú glas trí chláir shuaitheanta comhair amhail EUROCLIMA+, clár Abhantrach na hAmasóine nó Saoráid Fothaithe Athléimneachta an Aontais Eorpaigh agus Mhuir Chairib.
[11] JOIN(2021) 30 final, 1.12.2021: 'Global Gateway'.
[12]UNEP (2016) An Bhithéagsúlacht i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib.

Tá acmhainneacht mhór ann maidir le comhar i dtreo **geilleagair atá aeráidneodrach, glan agus dearfach ó thaobh an dúlra de**. Tá an dá réigiún tiomanta don bhithéagsúlacht a chosaint, deireadh a chur leis an dífhoraoisiú, geilleagair níos ciorclaí a chur chun cinn, feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola agus uisce, táirgiúlacht acmhainní a mhéadú, dul i ngleic le truailliú[13] agus infheistíocht a dhéanamh in athléimneacht aeráide.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart don Aontas agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib a gcomhpháirtíocht maidir leis an **aistriú glas** a neartú, lena n-áirítear trí infheistíochtaí Global Gateway, trí idirphlé agus trí chomhar méadaithe maidir le beartais agus creataí rialála, agus trí chomhaontuithe trádála a chur chun feidhme agus trí chaidreamh le heagraíochtaí réigiúnacha a chur chun cinn[14]. Rachaidh an tAontas i dteagmháil le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib maidir le tionchar a reachtaíochta agus a ionstraimí lena gcuirtear chun feidhme an Comhaontú Glas don Eoraip.

In earnáil an **fhuinnimh**, tá an sciar is mó d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh ar domhan ag meascán foriomlán giniúna leictreachais Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, arb é atá ann 61 % in 2021[15]. Is féidir roinnt bealaí oibre comhpháirtí a shaothrú chun spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú, trí dhlús a chur le húsáid foinsí in-athnuaite fuinnimh[16] agus trí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú (lena mbeidh baint ag coigilteas fuinnimh). Thairis sin, le hinfheistíochtaí Global Gateway, rannchuidítear le soláthar slán fuinnimh inacmhainne agus ghlain a áirithiú. Tá acmhainneacht ann d'infheistíochtaí comhpháirteacha sa leictrea-shoghluaisteacht, nascacht shábháilte inbhuanaithe aeir a mhéadú, agus córais agus bonneagar iompair phoiblí a uasghrádú, chun iad a dhéanamh níos glaine, níos fuinneamhéifeachtúla agus níos nuálaí.

Ina theannta sin, tá an tAontas agus réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib ag neartú a gcomhair agus a gcomhoibrithe fuinnimh a thuilleadh i ndáil le cúrsaí fuinnimh, ar bhonn déthaobhach, mar atá i bhfóraim iltaobhacha[17], lena n-áirítear trí Mheabhráin Tuisceana maidir leis an aistriú glas lena n-áirítear hidrigin[18].

Ó tharla go bhfuil roinnt mhaith tíortha i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib an-leochaileach i leith an athraithe aeráide, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do straitéisí náisiúnta éifeachtacha um oiriúnú don athrú aeráide agus de thacaíocht a thabhairt do phobail ar leibhéal déréigiúnach in aghaidh damáistí arb iad guaiseacha nádúrtha is cúis leo, rud a chuirfidh le tionscnaimh atá ann cheana[19]. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí leanúint de thacaíocht a thabhairt do chláir **ullmhachta le haghaidh tubaistí**, chomh maith le dlús a

---

[13]Mar shampla, tá Ciste na hAmasóine á athghníomhachtú ag an mBrasaíl chun tacú le forbairt inbhuanaithe, cosaint foraoisí agus cearta an duine.
[14] Amhail Eagraíocht Comhair Chonradh na hAmasóine.
[15] An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta/An Coimisiún Eacnamaíochta do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib/An Coimisiún Eorpach/CAF (2022), Ionchas Eacnamaíoch Mheiriceá Laidinigh 2022: I dtreo aistriú glas cóir.
[16]Lena n-áirítear uisce, gaoth agus grianfhuinneamh, lena gcuirtear deiseanna ar fáil freisin chun hidrigin in-athnuaite a tháirgeadh mar iompróir fuinnimh.
[17] Amhail OLADE (Eagraíocht Fuinnimh Mheiriceá Laidinigh).
[18] Forbairt margaí domhanda hidrigine atá riailbhunaithe, trédhearcach agus neamhshaofa a chur chun cinn, bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta iontaofa agus ar scéimeanna deimhniúcháin, lena n-áirítear tríd an mBanc Eorpach Hidrigine.
[19] Amhail Clár Mhuir Chairib um Laghdú Rioscaí Tubaistí agus Idirphlé AE-MLC maidir le Bainistiú Falscaithe.

chur leis an gcomhar foriomlán i réimse an bhainistithe riosca tubaistí agus dea-chleachtais a mhalartú freisin.

Le comhar níos dlúithe le Meiriceá Laidineach agus le Muir Chairib maidir le cur chun feidhme éifeachtach **Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Mara** agus a chomhaontuithe cur chun feidhme, chruthófaí dálaí le haghaidh bainistiú inbhuanaithe aigéan, lena n-áirítear córas ionadaíoch de limistéir mhuirí faoi chosaint in Antartaice a ainmniú, BBNJ a chur chun feidhme agus sábháilteacht na loingseoireachta. Tá gá le comhar feabhsaithe freisin sa chomhrac in aghaidh na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, agus in eagraíochtaí réigiúnacha agus iltaobhacha a bhaineann leis na haigéin, lena n-áirítear maidir le hiascaigh, agus chun eolas eolaíoch agus comhairle eolaíoch a fhorbairt.

Tá creat á fhorbairt ag réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib le haghaidh **tacsanomaíocht airgeadais inbhuanaithe,** rud atá ríthábhachtach chun tacú le hiarrachtaí le haghaidh idir-inoibritheacht réigiúnach agus dhomhanda agus chun infheisteoirí idirnáisiúnta a mhealladh, agus is den ríthábhacht freisin creataí inchreidte bannaí glasa a fhorbairt**.**

Is tosaíocht é tacaíocht a thabhairt do bheartais **dícharbónaithe** ar fud an domhain, go háirithe i measc astairí móra, chun aeráidneodracht dhomhanda a bhaint amach faoi 2050. Tá an tAontas ag tacú le beartais praghsála carbóin le fada. Bunaithe ar phróifíl astaíochtaí Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, is léir go bhfuil spéis ann díriú go comhpháirteach ar ghníomhaíochtaí maolaithe sa talmhaíocht, san iompar, san fhoraoiseacht agus san fhuinneamh.

Agus dlús á chur leis an aistriú i dtreo geilleagar glas, meastar go dtiocfaidh méadú as cuimse ar an éileamh ar **amhábhair chriticiúla**. Tá rochtain fhadtéarmach ar sholáthar slán inbhuanaithe ag teacht chun cinn mar dhúshlán comhroinnte don chomhphobal domhanda. Tá Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib saibhir ó thaobh amhábhar criticiúil de agus beidh ról lárnach aige maidir le haistriú tráthúil a áirithiú a chuirfidh feabhas ar a chumas táirgthe agus onnmhairiúcháin, lena gcuirfear luach le hacmhainní nádúrtha trí nuálaíocht agus trí theicneolaíocht[20] agus trí ardchaighdeáin chomhshaoil, shóisialta agus rialachais.

Bhainfeadh an dá réigiún tairbhe as comhar níos dlúithe, idirphlé, éagsúlú agus infheistíocht chun freastal ar éileamh méadaitheach, rochtain iontaofa ar acmhainní a áirithiú, athléimneacht slabhraí luacha a fhorbairt agus a fheabhsú agus ardchaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta a áirithiú. I gcomhréir leis an Teachtaireacht maidir le hAmhábhair Chriticiúla in 2023[21], saothróidh an tAontas comhpháirtíochtaí straitéiseacha a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh d’fhonn forbairt eacnamaíoch thíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe agus tacú le cruthú slabhra luacha.

Ba cheart don Aontas agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib dul i gcomhar go déthaobhach agus go hiltaobhach d’fhonn Comhaontú Pháras, Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montreal, agus Conradh BBNJ a chur chun feidhme go hiomlán agus go pras.

[20] Mar shampla, tá 60 % de chúltaiscí litiam sainaitheanta dá bhfuil ann san Airgintín, sa Bholaiv agus sa tSile amháin

[21] COM(2023)165, 16.3.2023: ‘Soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil chun tacú leis an dá aistriú’.

**Príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe, lena n-áirítear faoi Global Gateway:**

- Cur chun feidhme na dtionscadal infheistíochta glas a chur chun cinn go comhpháirteach[22], mar chuid de chlár oibre infheistíochta Global Gateway, agus comhar a threisiú faoi Thionscnaimh réigiúnacha d'Fhoireann na hEorpa[23];
- Dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh chailliúint na foraoise agus na bithéagsúlachta agus díghrádú foraoise, go háirithe san Amasóin agus sna Cúig Mhórfhoraois i Méisi-Mheiriceá, trí Thionscnaimh thiomnaithe d'Fhoireann na hEorpa;
- Meabhráin Tuisceana maidir le fuinneamh a thabhairt i gcrích agus comhpháirtíochtaí a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a fhiosrú mar a bheartaítear faoi straitéis nua an Aontais um Amhábhair Chriticiúla;
- Idirphlé a threisiú trí chruinnithe rialta déréigiúnacha aireachta agus trí idirphlé maidir leis an gcomhshaol agus leis an athrú aeráide; féachaint an bhféadfaí idirphlé a bhunú maidir leis an aistriú fuinnimh agus dlús a chur leis an idirphlé déthaobhach maidir leis an aeráid, maidir leis an gcomhshaol agus maidir le fuinneamh;
- An comhar a neartú i dtreo torthaí uaillmhianacha ag Comhdhálacha na bPáirtithe a bheidh ann amach anseo, go háirithe Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide agus an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht;
- Forbairt creataí airgeadais inbhuanaithe idir-inoibritheacha a chur chun cinn, lena n-áirítear tacsanomaíochtaí, agus margaí bannaí glasa a fhorbairt chun infheisteoirí a mhealladh agus tacú leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin;
- Comhar maidir leis an ngeilleagar ciorclach[24] a chur chun cinn sna fóraim ábhartha, lena n-áirítear G20 agus Gníomhaireacht Comhshaoil na Náisiún Aontaithe;
- Malartuithe agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn i bhfabhar an aistrithe fuinnimh ghlais, lena n-áirítear hidrigin in-athnuaite;
- Meabhráin Tuisceana a thabhairt i gcrích maidir leis an gcomhar i ndáil le hullmhacht le haghaidh tubaistí agus bainistiú riosca tubaistí idir an tAontas agus comhlachtaí inniúla i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib[25];
- Gníomhaíochtaí a neartú i ndáil leis an aistriú digiteach agus comhar maidir le córais luathrabhaidh agus faireacháin le haghaidh díghrádú/dífhoraoisiú foraoise agus falscaithe[26].

[22] Amhail maidir le táirgeadh na hidrigine in-athnuaite sa tSile, san Airgintín, in Uragua agus maidir le soghluaisteacht uirbeach inbhuanaithe sa Phoblacht Dhoiminiceach.

[23] Amhail Tionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir leis an Aistriú Glas.

[24] Amhail Comhghuaillíocht Geilleagair Chiorclaigh Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, an Chomhghuaillíocht Dhomhanda maidir leis an nGeilleagar Ciorclach agus le hÉifeachtúlacht Acmhainní.

[25] Lena n-áirítear an Lárionad Comhordúcháin um Chosc Tubaistí i Meiriceá Láir, Gníomhaireacht Mhuir Chairib um Bainistiú Éigeandála Tubaistí, Coiste na nAindéas um Chosc Tubaistí agus um Chúram agus Cruinniú na nAirí agus na nArd-Údarás um Bainistiú Comhtháite Riosca Tubaistí.

[26] Mar atá i dTionscnamh Fhoireann na hEorpa maidir le hAbhantrach na hAmasóine.

## b. Dul i gcomhar le chéile ar mhaithe le claochlú digiteach a bheidh cuimsitheach agus duinelárnach

Tá leas comhpháirteach ag an Aontas Eorpach agus ag Meiriceá Laidineach agus ag Muir Chairib maidir le beartais dhigiteacha a shaothrú **lena dtabharfar cumhacht do dhaoine agus do ghnólachtaí** chun todhchaí dhigiteach atá duinelárnach, inbhuanaithe agus níos rathúla a bhaint amach. I gcomhréir le sprioc Chompás Digiteach an Aontais[27] chun comhpháirtíochtaí digiteacha idirnáisiúnta a bhunú, seoladh **an Chomhghuaillíocht Dhigiteach idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib** i mí an Mhárta 2023 mar chreat neamhfhoirmiúil bunaithe ar luachanna agus ar phrionsabail chomhroinnte[28] chun idirphlé agus comhar déréigiúnach a fhorbairt ar fud réimse iomlán na saincheisteanna digiteacha. Cuireann an Chomhghuaillíocht le sraith tionscadal suaitheanta a cuireadh chun feidhme i gcur chuige Fhoireann na hEorpa[29] agus comhlánaíonn sí an t-idirphlé maidir le beartas digiteach le tíortha aonair.

Is dúshláin mhóra don réigiún iad **an claochlú digiteach agus an nascacht**. Trí Global Gateway, cuirfidh an Chomhghuaillíocht chun cinn infheistíocht i gcur i bhfeidhm bonneagair dhigitigh atá slán agus athléimneach, agus tacóidh sí le comhpháirtithe chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí digiteacha, lena n-áirítear trí sheirbhísí poiblí amhail oideachas agus cúram sláinte a sholáthar. Beidh rannpháirtíocht fheabhsaithe na n-institiúidí airgeadais Eorpacha, go háirithe an Banc Eorpach Infheistíochta, maidir le nascacht dhigiteach tábhachtach chun an sprioc sin a bhaint amach.

Tá **an t-idirphlé rialála** tábhachtach chun dlús a chur leis an gcomhoiriúnacht dhigiteach. Beidh an dá réigiún rannpháirteach ar bhonn réigiúnach agus déthaobhach ar fud réimsí leasa chomhpháirtigh, lena n-áirítear cur i bhfeidhm slán 5G, rialáil ar mhargaí agus ar sheirbhísí digiteacha, an Intleacht Shaorga ar mhaithe le leas an phobail, ríomhaireacht ardfheidhmíochta, rialachas sonraí agus cibearshlándáil.

Réimse eile inar féidir leis an gcóineasú dul chun tairbhe don dá réigiún is ea **sreafaí sonraí** atá saor agus sábháilte a chur chun cinn. Áirítear leis sin dul i dteagmháil go gníomhach le comhpháirtithe chun 'toradh leordhóthanachta' a bhaint amach, mar atá i gcás roinnt tíortha i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib cheana féin. Is féidir le socruithe den sórt sin na tairbhí a bhaineann le comhaontuithe trádála a mhéadú agus borradh a chur faoin gcomhar i réimsí eile amhail, mar shampla, taighde nó comhar i bhforfheidhmiú an dlí. Ós rud é go bhfuil dlíthe nua-aimseartha maidir le cosaint sonraí glactha ag roinnt comhpháirtithe sa réigiún nó ós rud é go bhfuil siad á gcur chun feidhme acu, cuireann sé sin deiseanna nua ar fáil chun sreafaí sonraí a éascú. Ba cheart don dá réigiún dlús a chur lena n-idirphlé in eagraíochtaí agus i líonraí réigiúnacha a bhfuil ról méadaitheach acu maidir le caighdeáin choiteanna i dtaca le cosaint sonraí a mhúnlú.

Ba cheart don Aontas Eorpach agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib dul i bpáirt le céile chun an fhís atá acu do chlaochlú digiteach a chur chun cinn **i bhfóraim**

[27] COM(2021)118 final, 9.3.2021: 'Compás Digiteach 2030: an bealach Eorpach don Deacáid Dhigiteach'.
[28] Mar a léirítear i gCairt Ibéir-Mheiriceánach um Chearta agus um Prionsabail Dhigiteacha a bhfuil a luachanna ailínithe go mór leis an Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha.
[29] Idirphlé beartais dhigitigh dhéréigiúnaigh a bhunú, forbairt chlár BELLA (BELLA II), straitéis réigiúnach Copernicus a chur chun feidhme, agus Luasaire Digiteach an Aontais agus Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chun an fhiontraíocht agus an nuálaíocht a chothú.

**iltaobhacha**[30], agus iad faoi threoir, go háirithe, an Dearbhaithe Eorpaigh maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití [31], Chlár Oibre Digiteach rMLC 2024[32] agus an Dearbhaithe maidir le Todhchaí an Idirlín[33]. Ba cheart an claochlú digiteach sin a ghiaráil freisin chun scileanna digiteacha a mhéadú, go háirithe don óige agus do leanaí.

Tá deiseanna comhoibrithe ann i réimse an **spáis** freisin. Is féidir le sonraí, seirbhísí agus feidhmchláir spásbhunaithe rannchuidiú go dearfach le baint amach na gcuspóirí a bhaineann leis an aistriú glas agus digiteach agus leis an bhfás eacnamaíoch inbhuanaithe. In 2021, chomhaontaigh Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh Gníomhaireacht Spáis Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib a bhunú, rud a d'fhéadfadh tairbhiú de shaineolas na hEorpa i rialachas spáis iltíre. Tá comhoibriú ar siúl cheana féin i gcomhthéacs chlár Copernicus an Aontais um Fhaire na Cruinne, agus d'fhéadfadh tuilleadh comhair a bheith ann faoi Copernicus agus faoi chlár Galileo an Aontais um loingseoireacht satailíte. Ba cheart don dá réigiún an comhar leanúnach maidir le forbairt córas faisnéise a threisiú chun tacú le beartais fhianaisebhunaithe agus le bearta oiriúnaithe, lena n-áirítear maidir le bainistiú tubaistí.

**Príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe, lena n-áirítear faoi Global Gateway:**

- Tionscadail infheistíochta a fhorbairt go comhpháirteach, mar chuid de chlár oibre infheistíochta Global Gateway, le haghaidh aistriú digiteach cuimsitheach[34];
- Gníomhaíochtaí comhpháirteacha a fhorbairt[35] faoin gComhghuaillíocht Dhigiteach idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, idirphlé réigiúnach agus déthaobhach maidir le beartas digiteach a fheabhsú agus cóineasú rialála a chur chun cinn;
- Leathnú chábla snáthoptaice fomhuirí BELLA (BELLA II) a chur chun cinn chun Meiriceá Láir agus Muir Chairib a bhaint amach[36];
- Straitéis réigiúnach Copernicus a leathadh amach, lena n-airítear an dá lárionad réigiúnacha sonraí den chlár Copernicus i bPanama agus sa tSile;
- Cinntí leordhóthanachta nua a fhiosrú le tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib agus socruithe eile chun malartú saor sábháilte sonraí pearsanta a áirithiú;
- Teagmhálacha agus tacaíocht a chothú idir an tAontas agus Gníomhaireacht Spáis Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chun dul i gcomhar maidir le gníomhaíochtaí spáis agus rannchuidiú le húsáid shíochánta agus inbhuanaithe an chianspáis.

[30] Lena n-áirítear i gcomhthéacs Thionscnamh an Ráitis Chomhpháirtigh maidir le Ríomhthráchtáil ón Eagraíocht Dhomhanda Trádála.
[31] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/ga/TXT/PDF/?uri=CELEX:32023C0123(01)&from=EN
[32] https://www.cepal.org/en/projects/digital-agenda-latin-america-and-caribbean-elac2024
[33] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/library/declaration-future-internet
[34] Amhail maidir le pacáiste an gheilleagair dhigitigh, chun tacú leis an bpróiseas síochána sa Cholóim, imscaradh 5G sa Phoblacht Dhoiminiceach, nascacht na hAmasóine sa Bhrasaíl, agus tionscnaimh nascachta digití in Iamáice agus i gCósta Ríce.
[35] Lena n-áirítear forbairt chlár BELLA agus a chásanna úsáide, agus leathadh amach straitéis réigiúnach Copernicus.
[36] Sa chéad chéim de BELLA, tógadh nasc snáthoptaice díreach idir an Eoraip agus an Bhrasaíl, an Airgintín, an tSile, Eacuadór agus Panama. Is é is aidhm do BELLA II an nasc a leathnú chun Peiriú, Cósta Ríce, Guatamala, an tSalvadóir, Hondúras, an Phoblacht Dhoiminiceach agus Oileán na Tríonóide agus Tobága a chumhdach.

## c. Fás eacnamaíoch inbhuanaithe don fhorbairt dhaonna a chur chun cinn

Tá sé d'aidhm ag daoine ar dhá thaobh an Atlantaigh maireachtáil i **sochaithe cuimsitheacha rathúla**, gan aon duine a fhágáil ar lár. Mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, géaraíodh ar na dúshláin struchtúracha agus ar na neamhionannais atá ann cheana, rud a d'fhág go bhfuil leibhéil mhéadaitheacha bochtaineachta, fiachais agus neamhshlándála bia ann[37].

Is chun leasa an dá réigiún é dlús a chur leis na hiarrachtaí comhpháirteacha i dtreo **téarnamh láidir inbhuanaithe** lena gcuirfear chun cinn comhionannas agus cuimsiú sóisialta. Ba cheart don Aontas Eorpach agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib dlús a chur leis an gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhaicreacnamaíocha leanúnacha, chun na geilleagair a éagsúlú agus a nuachóiriú agus chun a n-athléimneacht i leith suaití amach anseo a mhéadú.

Is féidir leis an Aontas Eorpach rannchuidiú le h**éagsúlú** Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib in earnálacha lena mbaineann breisluach níos airde, agus leas á bhaint as acmhainneacht na ngeilleagar glas, gorm, cruthaitheach agus digiteach atá ag teacht chun cinn. Le hidirphlé beartais méadaithe, le clár oibre trádála neartaithe idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib agus le Global Gateway, féadfar rannchuidiú le hinfheistíochtaí déréigiúnacha inbhuanaithe agus slabhraí soláthair athléimneacha a théann chun tairbhe do dhaoine a uas-scálú. Is cuspóirí tábhachtacha iad táirgiúlacht, nuálaíocht agus cruthú post a mhéadú, go háirithe do FBManna Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, agus beartais um speisialtóireacht chliste agus um nuálaíocht a chur chun cinn, an t-aistriú chuig córais táirgthe agus tomhaltais atá ciorclach agus inbhuanaithe mar aon le slabhraí luacha inbhuanaithe agus saor ó dhífhoraoisiú.

Tá a lorg fágtha ag Meiriceá Laidineach agus ag Muir Chairib ar thimpeallacht na nuálaíochta le blianta beaga anuas, agus tá méadú ag teacht ar an líon cuideachtaí i Meiriceá Laidineach a bhfuil stádas 'aonbheannaigh' bainte amach acu[38]. Tá ról lárnach ag institiúidí ardoideachais go háirithe maidir le tacú leis an nuálaíocht agus leis an bhfiontraíocht ina bpobail máguaird trí naisc a chruthú le fiontraithe áitiúla, le FBManna, le hinstitiúidí taighde agus leis an tsochaí shibhialta.

I gcomhréir leis an gCur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta[39], tá comhar méadaithe **sa taighde agus sa nuálaíocht**, lena n-áirítear trí leas iomlán a bhaint as deiseanna faoin gclár Fís Eorpach[40], ríthábhachtach chun na réitigh is gá a aimsiú agus a sholáthar don dá aistriú cothrom. Le Treochlár Straitéiseach an Aontais agus Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh i leith an Taighde agus na Nuálaíochta[41], cuirtear creat ar

[37]De réir an Choimisiúin Eacnamaíochta do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib (2021, 2022), is é Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib an réigiún ag a bhfuil an fiachas seachtrach is mó i gcoibhneas le OTI (56.3 %) agus an tseirbhís fiachais sheachtraigh is airde i gcoibhneas le honnmhairí agus fás (59 %). In 2020, bhí leitheadúlacht an tearc-chothaithe ag 9.1 %, leibhéal nach bhfacthas sa réigiún ó bhí 2005 ann.

[38] https://www.bbva.com/en/latin-americas-roadmap-to-innovation-the-most-enterprising-cities

[39] COM(2021)252 final, 18.5.2021: 'An Cur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta: Straitéis na hEorpa um chomhar idirnáisiúnta i ndomhan atá ag athrú'.

[40] https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/funding-programmes-and-open-calls/horizon-europe_en

[41] https://commission.europa.eu/system/files/2021-07/eu-celac_strategic-roadmap-2021-2023.pdf; le hathbhreithniú agus le nuashonrú ag Oifigigh Shinsearacha in 2024.

fáil chun soghluaisteacht agus comhar lucht taighde a neartú i réimsí amhail taighde ar na haigéin, an geilleagar ciorclach, fuinneamh glan, bonneagair thaighde, an bhithéagsúlacht agus rochtain ar vacsaíní agus ar chógais[42].

Is tosaíocht chomhroinnte é **forbairt dhaonna** a chur chun cinn. Ba cheart dlús a chur leis an obair chomhpháirteach chun comhtháthú sóisialta a chur chun cinn agus chun dul i ngleic le héagothromaíochtaí, ag díriú ar chumhachtú eacnamaíoch agus ar chuimsiú na mban, na hóige, na bpobal dúchasach, daoine LADTIA+ agus daoine faoi mhíchumas. Beidh comhar maidir le rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán do gach leanbh agus don óige, gairmoiliúint agus forbairt scileanna atá i gcomhréir le riachtanais fostaíochta ríthábhachtach chun deiseanna a chur ar fáil do chách.

Ba cheart don dá réigiún tosaíocht a thabhairt do chaighdeáin, do **fhreagracht shóisialta chorparáideach**, agus d'iompar gnó freagrach. Is féidir leis an Aontas gona Bhallstáit a dtaithí a roinnt maidir le córais cosanta sóisialta a neartú agus maidir le hidirphlé éifeachtach sóisialta agus trípháirteach a chothú. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair le comhpháirtithe i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib chun comhaontuithe trádála a úsáid mar ionstraimí le haghaidh forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe chuimsitheach.

Tá iarrachtaí comhpháirteacha chun gníomhaíochtaí Aon Sláinte Amháin a fhorbairt agus chun **slándáil sláinte** a neartú níos ábhartha anois ná riamh, i gcomhréir le Straitéis Sláinte Domhanda nua an Aontais Eorpaigh[43]. Mar shampla, le 'Comhpháirtíocht idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir le monarú vacsaíní, cógas agus teicneolaíochtaí sláinte agus neartú athléimneachta sláinte i Meiriceá Laidineach'[44], comhlánaítear na hiarrachtaí réigiúnacha agus tacaítear leo, go háirithe Plean Neamhthuilleamaíochta Sláinte Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh[45].

Ina gcáil mar mhórtháirgeoirí bia, tá an dá réigiún freagrach as **an tslándáil dhomhanda bia**[46]. Chun leochaileacht na gcóras táirgthe i leith suaití aeráide agus suaití eile a mhaolú agus tionchair dhiúltacha ar éiceachórais an phláinéid a íoslaghdú, ba cheart don dá réigiún dlús a chur leis an gcomhar maidir le córais inbhuanaithe bia, lena n-áirítear comhar maidir le frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach, úsáid lotnaidicídí, sláinte na hithreach, astaíochtaí beostoic, agrafhoraoiseacht agus cur amú bia.

**Príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe, lena n-áirítear faoi Global Gateway:**

[42] COM(2021)252 final, 18.5.2021: 'An Cur Chuige Domhanda i leith Taighde agus Nuálaíochta: Straitéis na hEorpa um chomhar idirnáisiúnta i ndomhan atá ag athrú'.
[43] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_22_7153
[44] https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_22_3890
[45] https://www.cepal.org/en/publications/47253-plan-self-sufficiency-health-matters-latin-america-and-caribbean-lines-action-and
[46] Tagann 14 % den táirgeadh bia domhanda ó réigiún Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib agus is leis an réigiún sin a bhaineann 45 % den ghlantrádáil agraibhia idirnáisiúnta. Is leis na córais agraibhia i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib a bhaineann beagnach leath den fhostaíocht iomlán agus is ó na córais sin a thagann 30-40 % de OTI (FAC, 2021).

- Tionscadail infheistíochta a fhorbairt go comhpháirteach, mar chuid de chlár oibre infheistíochta Global Gateway, chun tacú le fás eacnamaíoch inbhuanaithe d'fhorbairt dhaonna[47];
- Tionscnamh réigiúnach Fhoireann na hEorpa maidir le Sochaithe Cuimsitheacha a shlógadh, lena n-áirítear clár feabhsaithe nua EUROsociAL lena gcumhdófar an t-oideachas freisin, mar aon leis na tionscnaimh thíre d'Fhoireann na hEorpa le haghaidh cuimsiú sóisialta, agus béim ar leith á leagan ar mhná agus ar an óige;
- Borradh a chur faoi Erasmus+ le haghaidh comhar acadúil idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib san ardoideachas agus sa ghairmoiliúint agus SOCIEUX+ maidir le cosaint shóisialta, cearta saothair agus fostaíocht;
- Gníomhaíochtaí breise a fhorbairt go comhpháirteach faoin gComhpháirtíocht Sláinte idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, lena n-áirítear tacaíocht d'infheistíochtaí Global Gateway, *inter alia*, i monarú vacsaíní agus cógas leighis, sláinte dhigiteach, teicneolaíochtaí sláinte agus neartú an chórais sláinte;
- Rannpháirtíocht Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib sa chlár Fís Eorpach a threisiú agus oibriú i dtreo cruinniú aireachta idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir le Taighde & Nuálaíocht;
- Feabhas a chur ar mhalartuithe maidir le forbairtí maicreacnamaíocha agus ar na straitéisí beartais iomchuí chun fás domhanda a bheidh láidir, inbhuanaithe, cothrom agus cuimsitheach a áirithiú;
- Gníomhaíochtaí comhair a neartú maidir le speisialtóireacht chliste agus beartais nuálaíochta áitbhunaithe.

### *4. Teacht le chéile ar mhaithe leis an gceartas, le slándáil na saoránach agus leis an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe trasnáisiúnta*

Tá dúshláin choiteanna roimh an Aontas Eorpach agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir le **slándáil agus ceartas**, rud a fhágann gur gá an chomhpháirtíocht agus an comhar déréigiúnach a neartú ar gach leibhéal. Is cúis mhór imní do shaoránaigh Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib í an tslándáil. Tá an choireacht eagraithe, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, go háirithe ar mhná agus ar leanaí, gáinneáil ar dhrugaí agus ar airm, trádáil aindleathach fiadhúlra agus adhmaid, chomh maith le héilliú, coireacht airgeadais, agus coireacht chomhshaoil agus cibearchoireacht fós ina mbagairtí fealltacha do dhaoine, do shochaithe agus do gheilleagair.

Tá tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib i mbun athrú a dhéanamh ar an gcaoi a dtugann siad aghaidh ar dhúshláin slándála, agus aird níos mó á díriú acu ar chineálacha cur chuige coisctheacha, amhail athchóirithe póilíneachta agus breithiúnacha, póilíneacht phobail agus garphóilíneacht, agus laghdú ar an bhforéigean óige agus inscne. Tá an méid sin ag teacht le coincheap na slándála daonna agus le cur chuige an Aontais i leith shlándáil na saoránach. Tá raon feidhme ann do chomhar idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus

[47] Amhail maidir le hathléimneacht an chórais sláinte i mBarbadós agus i Meicsiceo agus maidir le bainistiú uisce agus sláintíochta in Eacuadór agus i nGuatamala.

Muir Chairib, lena gcomhcheanglaítear an comhrac in aghaidh na coireachta agus gné choisctheach bunaithe ar aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá leis.

Cuireadh bonn láidir ar fáil cheana féin **trí thionscnaimh agus trí chláir pholaitiúla dhéréigiúnacha** chun comhar a éascú maidir le coireacht eagraithe thrasnáisiúnta, agus naisc á dtógáil idir institiúidí ceartais agus slándála bunaithe ar an smacht reachta agus ar ardleibhéal cosanta do chearta bunúsacha lena n-áirítear cosaint sonraí. Trí na cláir agus trí Thionscnaimh Fhoireann na hEorpa a neartú, rannchuideofar go mór le hoibríochtú an chomhair idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib sa réimse sin, trí acmhainní institiúideacha a fhorbairt agus trí chaighdeáin choiteanna a chur chun cinn. Gné chriticiúil eile dár gclár oibre comhroinnte maidir le ceartas agus slándáil is ea tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe agus na socruithe le tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib maidir le comhar le Eurojust agus Europol[48].

Ba cheart don Aontas dlús a chur lena **rannpháirtíocht le heagraíochtaí réigiúnacha**, amhail Eagraíocht Póilíneachta Chríocha Mheiriceá, a bhfuil ról acu atá ag éirí níos tábhachtaí de réir a chéile i ndáil le prionsabail agus cineálacha cur chuige comhpháirteacha a bhunú. Ba cheart don dá réigiún daingniú agus cur chun feidhme na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta ábhartha a chur chun cinn chun comhar idirnáisiúnta breithiúnach agus forfheidhmithe dlí a éascú.

**Príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe:**

- An Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib maidir le Ceartas agus Slándáil a neartú, lena ndéanfar forbairt ar chláir[49] agus ar Thionscnamh réigiúnach Fhoireann na hEorpa;
- Tacú le tuilleadh forbartha acmhainneachta agus le tuilleadh comhair le Coiste Mheiriceá Laidinigh maidir leis an tSlándáil Inmheánach agus le hEagraíocht Póilíneachta Chríocha Mheiriceá;
- An dlúthchomhar maidir le beartas drugaí idir an dá réigiún a fhorbairt a thuilleadh agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an éileamh ar dhrugaí agus ar an laghdú soláthair, lena n-áirítear trí idirphlé ardleibhéil faoi Shásra Comhordúcháin agus Comhair an Aontais agus Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh maidir le Drugaí agus maidir le hathléimneacht na mol lóistíochta a neartú;
- Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, agus íospartaigh na coireachta sin a chosaint agus tacú leo;
- Dlús a chur leis an gcomhar idir oifigí um aisghabháil sócmhainní agus aonaid um fhaisnéis airgeadais trí mhalartú faisnéise a éascú;
- Tuilleadh comhaontuithe idirnáisiúnta agus socruithe oibre le Europol agus Eurojust a thabhairt i gcrích;

[48] D'údaraigh an Chomhairle tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontuithe comhair Eurojust leis an Airgintín, leis an mBrasaíl agus leis an gColóim; agus d'údaraigh sé freisin tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontuithe comhair Europol leis an mBolaiv, leis an mBrasaíl, le hEacuadór, le Meicsiceo agus le Peiriú.
[49] Go háirithe El PAcCTO 2.0, COPOLAD, EUROFRONT agus Clár Domhanda na Sreafaí Aindleathacha.

- Feabhas a chur ar an gcomhar maidir le cibearshlándáil agus saineolas cibearchoireachta chun tacú le tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, lena n-áirítear tríd an Lárionad réigiúnach um Inniúlachtaí Cibearshlándála LAC4 sa Phoblacht Dhoiminiceach.

### 5. *Ag obair le chéile chun an tsíocháin agus an tslándáil, an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus an chabhair dhaonnúil a chur chun cinn*

Tá **an daonlathas agus cearta an duine** i gcroílár na comhpháirtíochta idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Oibríonn an tAontas i gcomhar le Meiriceá Laidineach agus le Muir Chairib chun cearta an duine, idir chearta sibhialta agus polaitiúla agus chearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, a chosaint agus a chur chun cinn, trí raon leathan sásraí, lena n-áirítear idirphlé déthaobhach, fothú acmhainneachta don tsochaí shibhialta agus don oideachas[50]. Tá an dá réigiún tiomanta don chóras iltaobhach um chearta an duine a neartú, agus don chomhar réigiúnach.

Ba cheart don Aontas agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib dlús a chur lena n-idirphlé agus lena gcomhar sa chomhrac in aghaidh an idirdhealaithe, chun an comhionannas inscne a chur chun cinn, agus chun cearta an linbh agus cearta daoine leochaileacha, cearta mionlach, cearta pobal dúchasach, cearta daoine LADTIA+, cearta daoine faoi mhíchumas, cearta imirceach agus cearta dídeanaithe, chomh maith le cearta na ndaoine sin a ndéanann coinbhleacht agus foréigean difear dóibh, a chaomhnú.

Ba cheart aghaidh níos suntasaí a thabhairt ar chosaint chosantóirí chearta an duine agus iriseoirí, mar aon leis na dúshláin nua a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear trí bhorradh a chur faoin litearthacht dhigiteach agus faoin litearthacht sna meáin. Tá cosantóirí chearta an chomhshaoil faoi bhagairt ar leith i gcodanna den réigiún. Tá fís ag an Aontas agus ag Meiriceá Laidineach agus ag Muir Chairib maidir le ról comhionann na mban sa tsochaí agus ba cheart dóibh teacht le chéile chun é a chur chun cinn agus deireadh a chur leis an bhforéigean inscnebhunaithe.

Cúram comhpháirteach criticiúil is ea an daonlathas, lena n-áirítear cuntasacht, athléimneacht toghcháin, urraim don smacht reachta agus neamhspleáchas na mbreithiúna a neartú, agus athléimneacht a chothú in aghaidh na bréagaisnéise agus bagairtí hibrideacha atá ag teacht chun cinn chomh maith le rannpháirtíocht níos mó na hóige agus na mban agus spás fiúntach don tsochaí shibhialta. Ba cheart don Aontas Eorpach agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib na saincheisteanna sin a phlé chomh maith le dea-chleachtais i ndáil le cearta íospartach, finnéithe agus príosúnach, mar shampla. Is príomhuirlisí iad Misin Bhreathnóireachta AE um Thoghcháin agus a gcuid moltaí chun cur le hacmhainneacht na n-institiúidí neamhspleácha rialtais[51]. Leanfaidh an tAontas d'oibriú i gcomhar le tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chun uilíocht Reacht na Róimhe a chur chun cinn agus tacú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

Is féidir le cúnamh tarrthála an Aontais cuidiú le sochaithe i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib a dhéanamh níos athléimní. Leanfaidh an tAontas de bheith ag obair leis na príomhghníomhaithe i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib chun cláir **cabhrach**

[50]Mar shampla, tríd an gCampas Domhanda um Chearta an Duine agus a mhol san Airgintín.
[51]Ó bhí 2019 ann, d'imscar an tAontas ocht Misean Breathnóireachta Toghcháin agus sé Mhisean Saineolaithe Toghcháin chuig tíortha Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib, arna iarraidh sin dóibh.

**daonnúla** agus **freagairt éigeandála** a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí chomhar maidir leis an gcosaint shibhialta. Tá an tsláinte, an chosaint, an t-oideachas i gcásanna éigeandála agus an tslándáil bia fós ina bpríomhréimsí oibre. Leanfaidh an tAontas dá iarrachtaí tacaíochta agus abhcóideachta i ndáil leis na géarchéimeanna daonnúla a mbíonn tionchar acu ar Mheiriceá Laidineach agus ar Mhuir Chairib, lena n-áirítear trí chomhdhálacha deontóirí agus dlúthpháirtíochta a chomhóstáil.

Trína ionstraimí éagsúla síochána, cobhsaíochta agus slándála, leanfaidh an tAontas de bheith ag rannchuidiú le réitigh shíochánta agus dhaonlathacha, lena n-áirítear an próiseas síochána sa Cholóim, an Grúpa Teagmhála Idirnáisiúnta um Veiniséala, iarrachtaí idirghabhála sa Bholaiv agus aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim Háítí.

Ba cheart don Aontas Eorpach agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib dul i gcomhpháirtíocht le chéile freisin chun **an tsíocháin agus an tslándáil dhomhanda a chur chun cinn**. I gcomhréir le Compás Straitéiseach an Aontais[52], d'fhéadfaí rannpháirtíocht an dá réigiún a dhoimhniú, mar shampla trí Creat-Chomhaontuithe Rannpháirtíochta[53] a thabhairt i gcrích agus trí rannpháirtíocht in oibríochtaí an Aontais i dtríú tíortha. Ina theannta sin, i ndáil le gníomhaíocht chomhpháirteach, is réimsí tábhachtacha iad **an comhar maidir le slándáil agus cosaint**, lena n-áirítear comhar muirí agus spáis, mar aon leis an bhfrithsceimhlitheoireacht, an chibearshlándáil agus dul i ngleic le bagairtí hibrideacha, neamhleathadh agus dí-armáil.

Ba cheart don dá réigiún an comhar maidir le h**ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis a chomhrac** a fhiosrú freisin trí uirlisí nua atá dírithe ar ionramháil faisnéise a shainaithint, a anailísiú, a mheasúnú agus a chomhrac.

**Príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe:**

- Comhar a threisiú chun urraim do chearta an duine a fheabhsú do chách, lena n-áirítear cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, cearta an linbh, chomh maith le neamh-idirdhealú agus an comhionannas inscne a chur chun cinn; dlús a chur leis an gcomhairliúchán agus leis an gcomhar leis an gCóras Idir-Mheiriceánach um Chearta an Duine; rannchuidiú le prionsabail dhaonlathacha, leis an tsíocháin agus leis an smacht reachta a threisiú, lena n-áirítear trí idirphlé agus trí idirghabháil chuimsitheach;
- Dlús a chur leis na hiarrachtaí mná agus cailíní a chumhachtú agus deireadh a chur leis an bhforéigean inscnebhunaithe[54] chomh maith leis an bhforéigean in aghaidh leanaí;
- Feabhas a chur ar an gcomhar maidir le cuntasacht i leith coireanna idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí thionscnaimh chomhpháirteacha chun tacú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta;
- Leanúint de thacaíocht pholaitiúil agus airgeadais a thabhairt mar fhreagairt ar ghéarchéimeanna arb é an duine is cúis leo agus ar ghuaiseacha nádúrtha, lena n-áirítear maidir le géarchéimeanna imirce agus easáitithe;

---

[52] Compás Straitéiseach maidir le Slándáil agus Cosaint an Aontais Eorpaigh, Comhairle an Aontais Eorpaigh, 21.3.2022.

[53]Síníodh Creat-Chomhaontuithe Rannpháirtíochta cheana féin leis an tSile, leis an gColóim agus le Peiriú.

[54] Amhail comhpháirt Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib den Tionscnamh Spotsolais, chomh maith le gníomhaíochtaí éagsúla náisiúnta agus réigiúnacha chun tacú le hathruithe reachtacha, acmhainneachtaí cur chun feidhme, etc.

- Tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Réigiúnaigh nuálaigh maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí agus Ceartas i gCúrsaí Comhshaoil i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib (‘Comhaontú Escazú’), go háirithe trí El PAcCTO 2.0;
- Féachaint an bhféadfaí comhpháirtíochtaí nua saincheaptha a dhéanamh i réimse na slándála agus na cosanta;
- Comhar a fheabhsú, gníomhaíochtaí comhpháirteacha a shainaithint agus dea-chleachtais a chomhroinnt le comhpháirtithe Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib chun cur i gcoinne ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, lena n-áirítear i bpróisis toghcháin.

### *6. Comhpháirtíocht bhríomhar duine le duine idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a fhorbairt*

Tá daoine i gcroílár ár gcomhpháirtíochta agus ba cheart é a bheith d’aidhm ag gach gníomhaíocht **tairbhí nithiúla a sholáthar do shaoránaigh**. Áirítear leis an gcaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib naisc uathúla dhaonna agus chultúrtha ar cheart iad a chothú agus a threisiú. Tá **an óige** ríthábhachtach do thodhchaí an chaidrimh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib. Is féidir naisc níos dlúithe idir na glúnta óga a chothú trí thionscnaimh chultúrtha agus trí chláir shoghluaisteachta, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Aontais don Óige[55], arb é an chéad cheann dá leithéid riamh é.

Tá leas coiteann ag an Aontas Eorpach agus ag Meiriceá Laidineach agus ag Muir Chairib i bh**forbairt an chaipitil dhaonna** is gá chun freastal ar na héilimh a bhaineann le teicneolaíochtaí atá ag athrú go tapa, agus leis an aistriú cothrom, glas agus digiteach. I réimse na soghluaisteachta, tá rochtain ghearrfhanachta gan víosa ar Limistéar Schengen an Aontais Eorpaigh ag formhór na dtíortha i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib cheana féin. Ina theannta sin, is féidir le saoránaigh de Mheiriceá Laidineach agus de Mhuir Chairib tairbhiú de na deiseanna imirce dleathaí atá ann cheana féin chuig an Aontas. Ina theannta sin, cuireann Erasmus+ agus Fís Eorpach, agus go háirithe Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie, creat le haghaidh comhair ar fáil chun dlús a chur le taighde agus nuálaíocht, agus déantar amhlaidh leis an gColún Soghluaisteachta Taighde faoi Threochlár Straitéiseach 2021-2023 an Aontais agus Chomhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh, lena n-áirítear soghluaisteacht taighdeoirí agus mac léinn.

Ba cheart don dá réigiún oibriú le chéile chun an leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht a **léirithe éagsúla cultúir**, a n-oidhreachta, a dtionscal cruthaitheach bríomhar le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus idirphlé idirchultúrtha.

Is cuid lárnach den chaidreamh déréigiúnach í **an taidhleoireacht pharlaiminteach**, lena n-áirítear trí Thionól Parlaiminteach Eora-Mheiriceá Laidinigh. Is féidir le hinstitiúidí eile amhail Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste na Réigiún agus a gcontrapháirtithe i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib údaráis réigiúnacha agus áitiúla,

---

[55] JOIN(2022) 53 final, 4.10.2022: ‘An Plean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais 2022–2027. Rannpháirtíocht agus cumhachtú fóinteach na n-óg a chur chun cinn i ngníomhaíocht sheachtrach le haghaidh forbairt inbhuanaithe, an chomhionannais agus na síochána’.

chomh maith le comhpháirtithe eacnamaíocha agus sóisialta, a shlógadh chun teagmhálacha idirphearsanta a fheabhsú.

Ba cheart don Aontas agus do Mheiriceá Laidineach agus do Mhuir Chairib dlúthchaidreamh a chothú leis **an tsochaí shibhialta** agus leis na **meithleacha machnaimh**, lena n-áirítear trí Fhondúireacht AE-MLC, a bhunaigh é féin mar ghníomhaí ábhartha sa chaidreamh déréigiúnach.

Tá freagracht ar an dá réigiún a gcuid saoránach agus páirtithe leasmhara a chur ar an eolas ar bhealach níos fearr agus réamhghníomhach faoi na **tairbhí frithpháirteacha** a bhaineann lena gcomhpháirtíocht.

**Príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe:**

- Rannpháirtíocht leis an óige i Meiriceá Laidineach agus i Muir Chairib a mhéadú trí thionscnaimh amhail Boinn Braite Óige ar leibhéal na tíre;
- Comhar a threisiú maidir le hoideachas agus taighde faoi Erasmus+, lena n-áirítear Gníomhaíochtaí Jean Monnet, Fís Eorpach, lena n-áirítear Gníomhaíochtaí 'Marie Skłodowska-Curie', chomh maith leis an Institiúid Eorpach um Theicneolaíocht Nuálaíochta;
- Dlús a chur leis an gcomhar maidir le soghluaisteacht daoine idir an dá réigiún[56] agus socruithe soghluaisteachta a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a chothú le comhpháirtithe a chuireann soghluaisteacht chiorclach chun cinn agus a chuireann in aghaidh imirce daoine oilte, agus leas á bhaint as an bpacáiste Scileanna agus Tallainne;
- An caidreamh cultúrtha déréigiúnach a dhoimhniú agus líonraí idirchultúrtha agus tionscnaimh chomhpháirteacha a spreagadh[57];
- Rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta a chothú agus líonraí déréigiúnacha a thógáil, lena n-áirítear na mná agus an óige sa ghnó, sa pholaitíocht, san eolaíocht agus i réimsí eile;
- Ról Fhondúireacht AE-MLC san idirphlé déréigiúnach a neartú;
- Oibriú i dtreo cur chuige comhpháirteach maidir le cumarsáid agus taidhleoireacht phoiblí.

### *Conclúid*

Sa Chlár Oibre Nua atá beartaithe don chaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, iarrtar go mbeadh **comhpháirtíocht straitéiseach níos dlúithe agus nuachóirithe** ann idir an dá réigiún, agus go mbeadh daoine i gcroílár na comhpháirtíochta sin.

[56]Lena n-áirítear maidir le bealaí rialta imirce, comhlíontacht le ceanglais maidir le tarscaoileadh víosaí Schengen agus éascú cómhalartach ar eisiúint víosaí, lena n-áirítear do mhic léinn agus do thaighdeoirí.
[57]Amhail rannpháirtíocht an Aontais mar aoi oinigh ag Aonach Idirnáisiúnta Leabhar 2023 in Guadalajara, Meicsiceo.

Tríd an gcomhpháirtíocht a neartú idir dhá réigiún atá ar na réigiúin is mó atá ailínithe i dtéarmaí leasanna agus luachanna, is fearr a bheidh an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda agus **deiseanna le haghaidh tairbhí frithpháirteacha** a thapú. I ndomhan seo na bhfathach, seasann an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib do 14 % de dhaonra an domhain agus do 21 % de OTI an domhain. Chun síocháin agus rathúnas a áirithiú dá saoránaigh féin agus chun tionchar a imirt ar an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a bheidh ann amach anseo, is riachtanas straitéiseach é comhpháirtíocht níos dlúithe a chruthú chun a neart comhchoiteann a threisiú.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, beidh gá le tuilleadh **comhair** ar an dá thaobh, lena n-áirítear trí **rannpháirtíocht pholaitiúil threisithe, trí bhorradh a chur faoin trádáil agus faoin infheistíocht, agus trí shochaithe níos inbhuanaithe agus níos idirnasctha a thógáil, go háirithe le Global Gateway**. Déanfaidh an tAontas a sheacht ndícheall a bheartais, a ionstraimí agus a acmhainní a shlógadh i gcur chuige Fhoireann na hEorpa. Leis an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh atá ar na bacáin, tá deis iontach ann chun muinín a chothú agus dlús a chur leis an gcaidreamh idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib chun bheith mar **thogha comhpháirtithe**.

Iarrann an Coimisiún Eorpach agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ar an gComhairle agus ar Pharlaimint na hEorpa an Clár Oibre Nua a chuirtear i láthair sa Teachtaireacht Chomhpháirteach seo a fhormhuiniú agus oibriú i gcomhar le Meiriceá Laidineach agus le Muir Chairib le haghaidh comhpháirtíocht straitéiseach athnuaite ar bhonn an togra seo.